Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9393/25**

**DEVGEN 74**
**FIN 555**
**ACP 30**
**RELEX 653**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Bealtaine 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7798/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Bhliantúil 2024 maidir le cur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais Eorpaigh in 2023<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 26 Bealtaine 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil bhliantúil 2024 ar chur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh in 2023, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4099ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 26 Bealtaine 2025.

**Tuarascáil Bhliantúil 2024 maidir le cur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais Eorpaigh in 2023**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais a neartú i gcomhthéacs timpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos dothuartha de réir a chéile. Is príomhuirlisí iad ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais, an tOllstruchtúr Airgeadais Eorpach don Fhorbairt agus an straitéis Global Gateway chun comhpháirtíochtaí a chothú atá bunaithe ar leasanna frithpháirteacha agus úinéireacht i ngach gné den fhorbairt inbhuanaithe, agus cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Chomhaontú Pháras, i measc nithe eile, á gcur chun cinn. Is chun leas straitéiseach an Aontais é freisin seasamh le luachanna daonlathacha, cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta, taca a chur faoin tsíocháin agus faoin gcobhsaíocht agus tosaíochtaí beartais an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear an tacaíocht don ord domhanda riailbhunaithe agus luachanna-bhunaithe agus an t-iltaobhachas mar phríomhphrionsabal aige leis na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Ar an gcaoi sin, cuireann gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ról agus tionchar geopholaitiúil an Aontais chun cinn, rud a neartaíonn a fhor-rochtain straitéiseach dhomhanda, iomaíochas agus slándáil eacnamaíoch an Aontais, don Aontas agus dá chomhpháirtithe araon, lena n-áirítear trí chur chuige Fhoireann na hEorpa.

2. Is iarracht ilghnéitheach iad an Comhar um Fhorbairt agus Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta an Aontais. I bhfianaise na n-athruithe atá ag teacht ar an timpeallacht idirnáisiúnta, ba cheart don Aontas a bheith faoi réir chun a chur chuige maidir le hionstraimí gníomhaíochta seachtraí a oiriúnú agus a bheachtú, lena n-áirítear trí ailíniú le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a áirithiú, trí iltaobhachas éifeachtach a chur chun cinn. Ag tógáil ar na torthaí a baineadh amach laistigh den Global Gateway, ba cheart don earnáil phríobháideach a bheith rannpháirteach a thuilleadh i ngníomhaíochtaí comhair um fhorbairt ar an leibhéal áitiúil i dtíortha comhpháirtíochta ar bhonn comhar níos dlúithe idir toscaireachtaí an Aontais agus ambasáidí Bhallstáit an Aontais.

3. Tugann an Chomhairle dá haire gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit, i dteannta a chéile, an comhpháirtí forbartha is mó ar domhan – is iad a thugann 42 % den chúnamh oifigiúil um fhorbairt domhanda – agus an bloc trádála is mó ar domhan, agus mórdheontóir daonnúil domhanda. Trí chur chuige Fhoireann na hEorpa, déanann an tAontas agus na Ballstáit beatha daoine a shábháil, an fhulaingt a mhaolú, rannchuidíonn siad leis an bhforbairt inbhuanaithe, le díothú na bochtaineachta, le héagothromaíochtaí a laghdú agus leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht, agus tríd an nasc idir an fhorbairt, an daonnúlacht agus an tsíocháin, chomh maith le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta.

4. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart an comhleanúnachas idir beartais forbartha, eachtracha, aeráide, eacnamaíocha, trádála, slándála, chosanta agus imirce an Aontais, chomh maith lena bheartais inmheánacha i gcoitinne, a chur chun cinn i gcomhréir leis na hinniúlachtaí faoi seach, agus, i gcás inarb iomchuí, a éascú lena ionstraimí maoinithe sheachtraigh.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Bhliantúil 2024 maidir le cur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais Eorpaigh in 2023, agus an iarracht inti ar léiriú a thabhairt ar an gcaoi a rannchuidíonn gníomhaíocht sheachtrach an Aontais le cur chun feidhme thosaíochtaí beartais an Aontais. Cumhdaítear sa tuarascáil na príomhghnéithe de thacaíocht airgeadais an Aontais in 2023 do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, beartas comharsanachta na hEorpa, cúnamh daonnúil agus cosaint shibhialta, méadú an Aontais, síocháin, slándáil agus cosaint, freagairt agus ullmhacht i gcás géarchéime, agus tacaíocht do chuspóirí beartais eachtraigh an Aontais. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuairisc bhreise a thabhairt ar na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, mar a moladh i dtuairim 03/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus ar na moltaí a thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ina tuarascálacha agus ina tuairimí. Is mór ag an gComhairle foilsiú tráthúil na tuarascála i gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán ICFCI – an Eoraip Dhomhanda.

6. Cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an tuarascáil ó thaobh thrédhearcacht agus chuntasacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais de, agus ar an gcaoi sin faisnéis bhunriachtanach a chur ar fáil chun a stiúradh polaitiúil a fheidhmiú. Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag na tuarascálacha bliantúla agus ag an mbunchóras faireacháin agus meastóireachta chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Aontais le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras. Cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé torthaí a thuairisciú.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairisciú ar chur chun feidhme na straitéise Global Gateway lena dtacaítear le beartas forbartha an Aontais agus le spriocanna beartais eile de chuid an Aontais, chomh maith leis an méid a baineadh amach le cur chuige dea-chomhordaithe Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme thionscnaimh Fhoireann na hEorpa. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint d'aird a tharraingt ar thionscadail Global Gateway, de réir mar is iomchuí, chun infheictheacht chur chun feidhme Global Gateway a mhéadú. Cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht an Aontais leis an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear infheistíochtaí san fhorbairt inbhuanaithe a mhéadú agus iomaíochas an Aontais a neartú. Is mór ag an gComhairle na hiarrachtaí an straitéis Global Gateway a chur chun feidhme, lena n-áirítear tionscadail shuaitheanta a fhormheas, an chéad Fhóram Global Gateway agus Conair Lobito a sheoladh.

8. Is mór ag an gComhairle go gcuirtear i láthair sa tuarascáil gur lean an tAontas de thacaíocht a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh foghach neamhdhleathach gan údar na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear tacaíocht don Úcráin agus do na comhpháirtithe is mó atá buailte ina cóngar, agus do thíortha comhpháirtíochta ón gcuid eile den domhan. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Úcráin agus le Poblacht na Moldóive agus tacóidh sé lena n-iarrachtaí athchóirithe agus iad ar a gconair Eorpach. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil tacaíocht an Aontais do thíortha comhpháirtíochta eile fós láidir, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus na tíortha is leochailí agus is íogaire. Meabhraítear don Chomhairle freisin a thábhachtaí atá an chabhair dhaonnúil a chuirtear ar fáil ar bhealach sábháilte gan bhac agus i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla, do Gaza, don tSúdáin agus do limistéir eile atá buailte ag coinbhleacht in 2023.

9. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá an cur chuige comhpháirtíochta, le béim ar úinéireacht agus ar idirphlé tráthrialta polaitiúil le tíortha comhpháirtíochta. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh agus Cruinniú Mullaigh na mBalcán Thiar do rannpháirtíocht an Aontais sa chaidreamh seachtrach. Is díol sásaimh don Chomhairle Comhaontú Comhpháirtíochta AE-ESACC[1], mar bhealach chun an comhar a neartú maidir leis an daonlathas agus cearta an duine, cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, an geilleagar agus trádáil, an t-aistriú chuig fuinneamh glas, an imirce agus soghluaisteacht. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin é an Meabhrán Tuisceana maidir le comhpháirtíocht straitéiseach agus dhomhanda idir an tAontas Eorpach agus an Túinéis.

[1] Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus comhaltaí d'Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile

10. Is mór ag an gComhairle go gcuirtear i láthair sa tuarascáil tacaíocht an Aontais don fhorbairt dhaonna, go háirithe an tsláinte agus an t-oideachas, agus neamhionannais á gcomhrac, lena n-áirítear neamhionannas inscne, slándáil bia agus cothú, fuinneamh agus dúshláin atá ag teacht chun cinn, chomh maith leis an tacaíocht agus na gealltanais maidir le maoiniú a bhaineann leis an aeráid agus cosaint na bithéagsúlachta. Cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go méadófar an maoiniú don aeráid, lena n-áirítear trí shlógadh príobháideach, go dtabharfar aghaidh ar mhaolú agus ar oiriúnú araon agus go rachfar i gcion ar na pobail is leochailí, lena n-áirítear na tíortha is lú forbairt, stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha agus tíortha talamhiata i mbéal forbartha. Tugann an Chomhairle dá haire gur constaic thromchúiseach ar an bhforbairt inbhuanaithe é an t-éilliú agus cuireann sí i bhfios go láidir go bhfuil iarrachtaí frith-éillithe ríthábhachtach chun trédhearcacht agus éifeachtúlacht mhéadaithe a bhaint amach. Aithníonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá úinéireacht áitiúil agus tugann sí dá haire gurb iad na tíortha comhpháirtíochta atá freagrach go príomha as a bhforbairt.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle an aird a thugtar sa tuarascáil ar an imirce agus ar an easáitiú éigeantais, agus meabhraítear di a thábhachtaí atá sé tionscnaimh de chuid an Aontais a cheapadh, a mhaoiniú agus a chur chun feidhme, go háirithe tionscnaimh lena dtugtar aghaidh ar an imirce neamhrialta agus ar an easáitiú éigeantais, lena n-áirítear ar na bunchúiseanna atá leo, tacú le pobail óstacha, agus feabhas a chur ar an gcomhar maidir le filleadh, athligean isteach agus athimeascadh inbhuanaithe chomh maith le tionchar na himirce rialta ar fhorbairt a uasmhéadú, i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta. Molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint de bhéim a leagan ar thacaíocht an Aontais chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda sin.

12. Is mór ag an gComhairle go ndírítear sa tuarascáil ar thacaíocht an Aontais d’aistriú digiteach na dtíortha comhpháirtíochta, ar réamhriachtanas bunúsach dó é bonneagar digiteach slán iontaofa. Is díol sásaimh don Chomhairle an aird a tugadh ar ghníomhaíochtaí an Mhoil Dhigitigh don Fhorbairt (Mol D4D) chun samhail dhuinelárnach an Aontais don chlaochlú digiteach a chur chun cinn go gníomhach i dtíortha comhpháirtíochta chomh maith le haird mhéadaithe an Choimisiúin ar an gcibear-athléimneacht, ar an bhfothú cibear-acmhainneachta agus ar an intleacht shaorga.

13. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá faireachán ar thionchar agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh ionstraimí seachtracha an Aontais na spriocanna a leagtar amach ina gcreataí dlíthiúla faoi seach, agus treoir pholaitiúil na Comhairle á cur san áireamh ag an am céanna. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí a rinneadh sa tréimhse ó 2021 go 2023 ar sciar 35.5 % de na gealltanais a chomhlíonadh i ndáil le cúnamh oifigiúil um fhorbairt chun tacú le cosaint shóisialta agus le forbairt dhaonna, 15.0 % de na gealltanais iomlána i ndáil le tionscadail a bhaineann leis an imirce agus an easáitiú éigeantais, 12.9 % chun tacú leis an oideachas, 22.1 % chun rannchuidiú le cearta an duine, leis an daonlathas agus le dea-rialachas, chomh maith leis an treocht i dtreo sciar 85 % de na gníomhaíochtaí lena gcuirtear leis an gcomhionannas inscne. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn a rinneadh i dtreo spriocanna institiúideacha agus straitéiseacha Phlean Gníomhaíochta Inscne III an Choimisiúin ‘Clár oibre uaillmhianach don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh’, ar cuireadh in iúl gur díol sásaimh é sna conclúidí ón Uachtaránacht agus mar a léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí seasta an sprioc aeráide agus sprioc G2 maidir le comhionannas inscne a bhaint amach laistigh de ICFCI – an Eoraip Dhomhanda agus leanúint den Chomhairle a choimeád cothrom le dáta go bliantúil. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún aird a tharraingt ar shonraí maidir leis na spriocanna uile, agus ar ghníomhaíocht an Aontais sna tíortha is lú forbairt, i dtuarascálacha amach anseo.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle éagsúlacht na n-uirlisí agus na módúlachtaí cur chun feidhme dá bhforáiltear le hionstraimí gníomhaíochta seachtraí, mar áis do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais. Leis na huirlisí agus na módúlachtaí éagsúla sin is féidir leis an Aontas freagraí iomchuí solúbtha a cheapadh do na dúshláin dhomhanda agus cineálacha cur chuige saincheaptha difreáilte a ghlacadh, agus seasamh an Aontais mar chomhpháirtí iontaofa a neartú ar an gcaoi sin. Aithníonn an Chomhairle an luach a ghabhann le bheith ag obair le comhpháirtithe cur chun feidhme éagsúla, lena n-áirítear institiúidí Eorpacha maoinithe forbraíochta, gníomhaireachtaí forbartha agus gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin, agus le dul i muinín raon leathan módúlachtaí comhair, mar shampla comhar teicniúil, malartuithe idir piaraí, cúnamh teicniúil, nascadh, tacaíocht bhuiséadach, tacaíocht tionscadail, cistiú d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do ghníomhaithe áitiúla, uirlisí cumaisc agus infheistíochta.

15. Is mór ag an gComhairle an feabhas leanúnach atá tagtha ar an tuairisciú a dhéanann seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS maidir le torthaí nithiúla thionscadail agus chláir an Aontais, lena n-áirítear na torthaí agus na hIarscríbhinní Airgeadais, agus nuashonrú leanúnach Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa ar líne agus an rianaire um chlársceidealú chomhpháirteach. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle na hIarscríbhinní nua maidir le Tacaíocht Bhuiséadach agus an roinn nua maidir leis an Ollstruchtúr Airgeadais Eorpach don Fhorbairt. Molann an Chomhairle don Choimisiún measúnú ginearálta gearr ar staid chur chun feidhme Threochlár an Ollstruchtúir Airgeadais Eorpach don Fhorbairt a áireamh sa chéad tuarascáil eile.

16. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí a iarraidh ar thoscaireachtaí an Aontais a ról comhordúcháin d’Fhoireann na hEorpa a fheidhmiú go hiomlán trí dhlúthpháirt a thabhairt d’ambasáidí na mBallstát cónaitheach agus neamhchónaitheach.

17. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá leanúint de ghníomhaíochtaí cumarsáide a neartú, lena n-áirítear trí dhlúthchomhordú ar leibhéal na tíre comhpháirtíochta idir toscaireachtaí an Aontais agus ambasáidí na mBallstát, agus sainiúlachtaí na tíre agus na réigiún á léiriú. Is díol sásamh don Chomhairle gur eagraíodh misin pholaitiúla ardleibhéil i bhformáid Fhoireann na hEorpa chun cur le hinfheictheacht an Aontais agus a Bhallstát mar chomhpháirtithe inchreidte agus iontaofa don fhorbairt inbhuanaithe. Tacaíonn an Chomhairle freisin le gníomhaíochtaí chun cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, lena n-áirítear bréagaisnéis.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí ar chomhionannas deiseanna a chur chun cinn chun ceanglais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas a chomhlíonadh, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

19. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí machnamh comhchoiteann ar fhormáid na tuarascála amach anseo d’fhonn infhaighteacht thráthúil sonraí a fheabhsú, an chumarsáid maidir le torthaí a éascú agus ról tábhachtach na tuarascála maidir le cuntasacht á choinneáil ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, cuireann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá inchomparáideacht sonraí thar na blianta.